

❖ An Lúibín ❖

17 Lúnasa 2009

Suirbhé Eorpach

A survey of the Irish in Europe.

Tá suirbhé á dhéanamh ar Éireannaigh atá ina gcónaí i Mór-Roinn na hEorpa – an dara suirbhé den saghas sin. Tá *EuropeanIrish.com* á dhéanamh in éineacht le Gráinne O’Keeffe-Vigneron ó Universit  Rennes 2 sa Bhriot in le haghaidh p ip ir faoi na h ireannaigh san Eoraip agus faoi th bhacht an Idir in. L ifear an p ip ir i V n na hOstaire i M  Mhe n F mhair ag Comhdh il Chomhcheangal Eorpach na gCumann agus na L rionad um L ann  ireannach.

As Contae Thiobraid  rann do Ghr inne agus t  s  ina c na  sa Fhrainc le breis is deich mbliana. Is   is pr iomh bhar d  cuid taighde na h ireannaigh mar mhionlach i dt ortha eile, agus sa bhliain 2005 rinne s  PhD ar na h ireannaigh i Sasana. Anois t  s  ar na ‘h ireannaigh san Eoraip’   f in agus deir s  gur beag faisn is at  le f il ar a leith id . Ba mhaith l i leabhar a scr obh faoin sc al, agus beidh s  ag brath ar an eolas at  le f il tr id an suirbh .

M s mian leat an suirbh  a fheice il t  s  le f il ag <http://www.europeanirish.com/project>.



Comhaltas Uladh

In many ways Ulster is separate; certainly so with regard to the Irish language. Witness the early history of Comhaltas Uladh, the Gaelic League of the North.

Is f idir cuimhneamh ar Chomhaltas Uladh mar chuid de Chonradh na Gaeilge n  mar eagra ocht ar leith a bhfuil baint stairi il aici leis an gConradh. Cib  craiceann at  ar an gComhaltas, n l s  d iomhaoin – craobhacha agus feiseanna   riar aige, in  ineacht le com rtais labhartha Gaeilge do dhalta  scoile,   ag dul i gcomhar le hollscoileanna agus le col ist  oili na agus ag cuidi  le na onra , le scoileanna l nGhaeilge agus le gr pa  dr ama ochta. Foils onn s  *An tUltach*, m sach n Gaeilge, agus leabhair sheanchais. B onn c ig scoil samhraidh   reacht il aige agus tugann s  timpeall  25,000 gach bliain mar scol ireachta  d’fhoghlaim oir  Gaeilge. Freastla onn an Comhaltas ar Ch ige Uladh agus ar Chontae L , agus t  stair ag baint leis an bhfreastal sin.

Buna odh Conradh na Gaeilge i mBaile  tha Cliath sa bhliain 1893 agus d’ irigh go maith leis. Bh  rian a theagaisc ar ch rsa  polaiti la, agus sa bhliain 1921 bhain  ire amach neamhsple chas. Mar a d irt an t  a d irt  ,  fach, bh   itithe ag formh r Ghaeilgeoir  Uladh orthu f in go raibh an saol m r in aghaidh an chan int Ghaeilge a bh  acu. Bh  an ceart acu, ar shl . Muimhnigh agus Connachtaigh is m  a bh odh i mbun pinn, agus ba iad a leabhair si d a bh odh mar th acsanna Gaeilge sna scoileanna. Ba   blas na Mumhan ba threise ar Ghaeilge na ndaoine a ceapadh ar fhoireann Rann g an Aistri ch in chun obair aistri ch in an Oireachtais a dh anamh. An m id sin go l ir a ghr osaigh roinnt Ultach chun teacht i gceann a ch ile i mBaile  tha Cliath i M  na Nollag 1923 agus Comhaltas Uladh a chur ar bun.

Um an dtaca seo tosa odh ar iris nua, *An tUltach*, a chur amach, rud a rinne an tAthair Lorc n   Muireadhaigh. Fear suntasach ba ea  : i gCairlinn, i gContae L , a rugadh  , agus chaith s  deich mbliana tar  is a oirnithe ag teagasc in Ollscoil San Tom s, St Paul, Minnes ta. Th inig s  ar ais go dt 

Éire sa bhliain 1918 agus é ina chigire scoile ar an Teagasc Críostaí d'Ard-Deoise Ard Mhacha. Ghlac sé air féin trí chúram eile: athshlánú na Gaeilge, atheolas a thabhairt dá mhuintir ar fhilíocht a sinsear, agus fios seanchais agus seandálaíochta a sholáthar. D'fhoilsigh sé mórán agus d'fhág an oiread céanna gan foilsíú tar éis bháis dó. Bhunaigh sé dhá choláiste samhraidh, ceann in Ó Méith sa bhliain 1923 agus ceann eile i Rann na Feirste sa bhliain 1926. Cuid mhór ar a chostas féin a d'fhoilsigh sé *An tUlltach*, agus é ina eagarthóir ar an iris ar feadh cuid mhaith blianta. Is beag an t-ionadh gur theann an taca don Chomhaltas feasta é.

Bhí dhá chúis inmí ag Conradh na Gaeilge tar éis bhunú an tSaorstáit: an Conradh féin a bheith ag titim ar lár sa Tuaisceart, agus a laghad scoileanna ansiúd a raibh Gaeilge á teagasc iontu. Ba léir do lucht an Chomhaltais go raibh obair le déanamh, agus ar 5 Meitheamh 1927 thionóil siad Dáil Mhór Uladh den chéad uair.

Bhí fadhbanna ag gabháil le teagasc na Gaeilge sna bunscoileanna; ba é scéal úd na scoileanna agus atheagrú na gluaiseachta an dá rud ba thúisce ar thug an Comhaltas fúthu. Sa bhliain 1927 chuir siad toscaireacht chun an Aire Oideachais á iarraidh air go mbeadh sé níos éasca ag na bunscoileanna an Ghaeilge a theagasc. Murach an spreagadh sin ní bheadh an oiread sin Gaeilge á múineadh i mbunscoileanna an Tuaiscirt i rith na mblianta 1927-34, agus go ceann i bhfad ina dhiaidh sin. Chuir scoláireachtaí an Chomhaltais ar chumas mórán daltaí tamall a chaitheamh i gcoláistí samhraidh i nGaeltacht Thír Chonaill. Fiú ina dhiaidh sin bhí daoine ann a lean fós de bheith ag caitheamh saoire i measc mhuintir na Gaeltachta, agus sna seachtóidí is iomaí duine meánaosta a raibh an Ghaeilge fós ar a thoil aige dá bharr. Ba é scéal Uladh príomhchúram an Chomhaltais riamh, cúram a cuireadh i gcrích le héifeacht.

De réir a chéile chuaigh ina luí ar chuid mhór de lucht Gaeilge an Tuaiscirt gur dhream ar leith iad. Tríd is tríd, is beag baint a bhí ag an gComhaltas le gluaiseacht na Gaeilge theas, cé gur ghnách le hUachtarán Chonradh na Gaeilge freastal ar Dháil Mhór Uladh agus go dtagadh cúigear ón gComhaltas go dtí Comhdháil bhliantúil an Chonartha.

Mar a scríobh Aindrias Ó Muimhneacháin ina leabhar i dtaobh an Chonartha: 'Ba chuma é dé-roinnt seo Chonradh na Gaeilge ach ar fhág sé d'iansma ar ghnáth-Ghaeilgeoirí an Tuaiscirt agus ar a gcomhchaidreamhaigh náisiúnta thuaidh: díscóireadh iad ina meon istigh, agus gan a fhios dóibh féin, óna gcomhbhráithre Gaelacha sa chuid eile d'Éirinn'.¹

Anois, agus socrú nua polaitiúil i bhfeidhm, tá maolú tagtha ar an tseandeighilt, ach is dána an té a déarfadh nach limistéar ar leith fós é an Tuaisceart i ngeall ar an nGaeilge. Tá an Comhaltas ann fós, agus mairfidh.



Na leabhair Ghaeilge is déanaí

Irish-language publishers have never been busier. Below are some of the latest offerings.

Canary Wharf

Cois Life 2009

ISBN 9781901176919

Luaitear stíl éasca shoiléite le hOrna Ní Choileáin, agus faigheann sí ábhar a gcuid scéalta i saol nach bhfuil le fáil go coitianta i litríocht na Gaeilge: gnóthaí stocbhrócaerachta, airgeadais agus teicneolaíochta. As iarthar Chorcaí dá muintir, agus cé nach raibh Gaeilge ag an dá ghlúin a tháinig roimpi bhain sí tairbhe as an bhfaill a fuair sí lena foghlaim. Ghnóthaigh sí duaiseanna sa phrós cruthaitheach, san fhilíocht, sa drámaíocht agus sa ghearrscéalaíocht san Oireachtas agus i bhféilte Gaelacha eile, agus tá léirmheasanna scríofa aici don iris *Feasta* agus don nuachtán *Saol*. I mBéarla a scríobhann sí freisin agus ghnóthaigh sí duais náisiúnta *An Post*. Is é *Canary Wharf* (Cois Life 2009) an chéad chnuasach gearrscéalta Gaeilge dá cuid.

¹ Ó Muimhneacháin, Aindrias, *Dóchas agus Duainéis: Scéal Chonradh na Gaeilge 1922-1932*. Cló Mercier 1974.

Teagasc nó Sealbhú? Múineadh agus Foghlaim na Gaeilge ar an Tríú Leibhéal

Cois Life 2009

ISBN 9781901176933

Cnuasach aistí i dtaobh na Gaeilge a chuir Ríona Ní Fhrighil agus Máirín Nic Eoin in eagar. Is mó ná riamh líon na mac léinn atá ag gabháil don Ghaeilge, agus scagann na haistí riachtanais foghlama na mac léinn sin. Is é barúil na n-údar go bhfuil rath an Léinn Ghaeilge ag brath ar a fheabhas a mhúintear an teanga féin, agus ar mhic léinn a ghríosú chun suim a chur i sainréimsí scoláireachta.

An Damer - Stair Amharclainne

Gael Linn 2008

ISBN 9781904174356

Bhí an Damer lonnaithe ar Fhaiche Stiabhna agus an-tábhacht léi i saol phobal na Gaeilge sna blianta 1955-76. Ríomhann Máiréad Ní Chinnéide stair an Damer agus scéal na ndaoine a bhí bainteach leis. Cuntas é ar bhuaicré na drámaíochta amaitéaraí.

Na Gaeil i dTír na Gauchos

Coiscéim 2009

Scéal na nÉireannach san Airgintín ó 1516 go dtí an lá inniu ó lámh Mhichíl De Barra. De shliocht Éireannach 500,000 Airgintíneach nó mar sin, agus sloinnte Gaelacha orthu dá réir. Sna blianta 1845-80 a tháinig formhór na nÉireannach. Tá cuntas anseo ar chuid de na Gael-Airgintíneach is mó cáil (Rudolfo Walsh, Patrick Fleming, an tAthair Antaine Ó Fathaigh, Eduardo Casey, Juan José Delaney agus eile), agus déantar tagairt do na mílte eile - tréadaithe caorach, saighdiúirí, lucht leighis, misinéirí, scríbhneoirí agus rógairí.

Mná Dána: Dornán Drámaí

Arlen House 2009

ISBN 9781903631355

Leabhar atá lán de dhrámaí agus de phearsana ó pheann an fhile Celia De Fréine (*Faoi Chabáistí is Ríona, Fiacha Fola*).



MUINTIR NA COILLE

In the temperate southwest of Australia Irish and Irish-Australian timber workers and their families made a living in the late 19th century from the vast forests of the region – forests which hardly survived them. What follows is mostly based on the writing and research of Mary Doyle (who has family connections to the forest communities) and Val Noone.

Tá an t-alt seo bunaithe ar chaint a thug Mary Doyle agus Val Ó Nuadháin sa Mechanics Institute, Ballarat, Victoria, ar 31/7/09, caint dar theideal *Black Joe from Bungaree and other timber-getters* agus a phléigh saol mhuintir Mary amuigh faoin tuath agus i measc na gcoillte sa dara cuid den 19ú haois agus i dtús an 20ú haois. Bhain a muintir siúd le pobal teann Gael-Astrálach a raibh a lán cainteoirí Gaeilge ina measc. Thug an chaint léargas ar chruatan agus ar ghreann a saoil agus, faraor, ar an dochar mór a rinne siad do chuid de na coillte ba bhreátha dá raibh le fáil.

Sa dara leath den 19ú haois is mó a chuir na hÉireannaigh fúthu in oirdheisceart na hAstráile, go háirithe i gcoilíneacht Victoria; tháinig siad ina mílte, agus a bhformhór ina gcainteoirí Gaeilge. Bhí cuid acu le fáil i Melbourne, príomhchathair na coilíneachta (agus ceann de chathracha móra na linne sin), agus cuid eile le fáil amuigh faoin tuath. Mheall an t-ór mórán, agus ba iad na mianaigh a bhronn saibhreas ar Bhallarat (cathair an óir); bhí obair le fáil sna coillte móra freisin, ag leagan na gcrann.

Mharaigh na galair agus an foréigean cuid mhaith de na Bundúchasaigh, agus bhrúigh na daoine bána fuíoll an áir i leataobh; ach timpeall Ballarat d'fhág an chéad chine (an pobal Kulin sa chás seo) a

lán logainmneacha ina ndiaidh i dteangacha an limistéir - Wathawurrung, Djadjawurrung agus Dharuk: Bungaree (*Dharuk*), Mollonghip (*Djadjawurrung*), Bolwarrah (*Wathawurrung*), Bullarook (*Djadjawurrung*), Korweinguboora (*Djadjawurrung*), agus Ballarat féin, logainm Wathawurrung a chiallaíonn 'áit sosa'.²

Chaith 'Black Joe' Hillis cuid mhaith dá shaol ag obair sna coillte. Mac le Séamas Hillis, cainteoir dúchais Gaeilge ó Chontae Aontroma, agus le Margaret O'Brien ó Chontae Cheatharlach ba ea é. (Ní dócha go raibh Gaeilge ag Margaret: de réir na foinse neamhiontaofa úd, daonáireamh Éireannach na bliana 1851, ní raibh Gaeilge ach ag 243 duine i gContae Cheatharlach ag an am, 4% de phobal an chontae, cé nach mbeimis go mór ar strae, is dócha, dá gcuirfimis cúpla céad duine eile leis an bhfigiúr sin.) Faighimid amharc ar an lánúin nua san Astráil den chéad uair agus iad ag déanamh ar chalahd Melbourne ar bord an *Sam Cearns* Lá Fhéile Stiofáin sa bhliain 1865, tríocha bliain go díreach tar éis do Rialtas na Breataine coilíneacht a bhunú ar thailte an phobail Kulin.

Tháinig Séamas agus Margaret nuair nach raibh mórán oibre le fáil. Ag teacht i dtír dóibh ghabhfaidís thar a lán fear óg a bhí ar malairt treo. Ón mbliain 1858 amach tháinig laghdú ar bhaint an óir; b'éigean dul ar a thóir go domhain faoi thalamh, tionscadal ar theastaigh gléasra costasach chuige agus i bhfad níos mó caipitil. Na daoine ar mhian leo dul ar thóir an óir leo féin nó i ngasraí beaga thug siad a n-aghaidh ar New South Wales nó ar an Nua-Shéalainn, agus níor tháinig coilíneacht Victoria ar a seanléim arís go dtí an bhliain 1880.

Faoin mbliain 1865 bhí Ballarat ina cathair ghalánta, timpeall 50,000 duine ina gcónaí ann agus 'cathair na ngairdíní' mar leasainm uirthi. Bhí sráideanna suntasacha, foirgnimh mhaorga phoiblí agus tithe móra maisiúla ann, ach sa cheantar oirthearach a bhí Séamas agus Margaret ina gcónaí, ceantar a bhí lán de thithe beaga na mianadóirí agus na n-oibrithe eile. An dara cáipéis a dhéanann léiriú ar a saol san Astráil, baineann sí le hadhlacadh a gcéad leanbh, William, i seanreilig na cathrach. Rugadh naonúr duine clainne eile dóibh idir na blianta 1868 agus 1884, agus mhair ochtar acu, triúr buachaillí agus cúigear cailíní.

Ar feadh ceithre bliana ar fhichid, ón mbliain 1866 go dtí an bhliain 1889, bhí an teaghlach ina gcónaí ina lán áiteanna difriúla i ngiarracht fiche míle do Bhallarat. Bhí Séamas ag obair mar mhianadóir ar feadh a ceathair nó a cúig de bhlianta, ansin chaith sé ocht mbliana déag mar sclábhaí agus mar scoilteoir adhmaid.³ Ba bheag an teacht isteach a gheofá ón obair sin, agus b'éigean do chuid de na cailíní dul ar aimsir.

I ndeireadh a shaoil bhí Séamas ina chónaí i Mollonghip, baile fearainn a bhí láimh leis an gcoill; ar 22 Samhain 1889, sa chuid is teo den Earrach i Victoria, fuair sé bás de ghalar scamhóige in aois a cheithre bliana is caoga i mBallarat. Deir a theastas báis gur 'haemorrhagia, apoplexy and asthenia' ba thrúig bháis dó, ach mhair sé naoi mbliana níos faide ná an gnáthmhianadóir, agus b'fhéidir gurbh iad na blianta a chaith sé ag obair amuigh a thug fad saoil dó.

Rugadh Joe ar 10 Bealtaine 1872 i Springs. Is dócha gurb í an áit atá i gceist ceantar atá taobh thoir thuaidh thoir de Bhallarat. Sa bhliain 1890 d'aistrigh sé féin agus a mhuintir ón limistéar sin go dtí Leongatha i nGippsland, áit chnocach choillteach. Bhí siad chun céad is deich n-acra a ghlanadh chun feirm a dhéanamh, obair a thóg roinnt blianta orthu.

Ar 2 Deireadh Fómhair 1901 phós Joe Rose McCartin ó Leongatha, agus bhí cúigear páistí acu. Chuaigh siad chun ceantair óir na hAstráile Thiar, ach cailleadh duine den chlann agus Rose féin in Koolgardie sa bhliain 1911. D'fhill Joe agus a mhuirín ar Victoria, agus ar 18 Samhain 1912 phós sé Elizabeth Redmond i Leongatha. Bhí aon pháiste amháin acu, agus cailleadh Elizabeth dhá bhliain ina dhiaidh sin.

² Clark, Ian D. agus Toby Heydon, *Dictionary of Aboriginal Placenames in Victoria*. Victorian Aboriginal Corporation for Languages, 2002: ISBN 0957936060. Féach freisin Howitt, A.W., *The Native Tribes of South-East Australia*. Aboriginal Studies Press, Canberra, 1996 (athchló): ISBN 0855752750.

³ *Splitter* an Bhéarla - fear tua a dhéanann cuailí agus eile de na cearchaillí.

B'fhánaithe iad muintir Hillis agus iad i limistéar Ballarat, agus is é ba chionsiocair leis sin na coillte a bheith á leagan gan stad agus iallach orthu mar sin cur fúthu in aice leis an muileann nua nó leis an taobhlach mar a mbeadh deis oibre acu. Dá ainneoin seo, d'éirigh le roinnt de na páistí scolaíocht a fháil a bhí maith go leor de réir ghnáthchaighdeán na linne sin. Fuair Mary Hillis (seanmháthair Mary Doyle) an *Merit Certificate* in aois a dhá bhliain déag agus iad ag Bungaree. Dealraíonn sé nach raibh deis ag cuid de na buachaillí an scolaíocht chéanna a fháil.

Bhí Cnoc Uí Chléirigh (Clarks Hill) agus Bungaree ar an taobh thiar theas den choill a dtugtaí an 'great Dean forest' uirthi, limistéar a bhí sé mhíle is seasca ar fad. Ó na 1880í amach thugtaí an 'Wombat Forest' ('Foraois an Vombait') ar an gcoill go léir, agus bhí Séamas Hillis ar na fir a leag an chuid ba mhó di. Bhí an choill seo ag freastal ar na ceantair óir agus ar Melbourne araon. Bhí méadú ag teacht ar an méid adhmaid ghearrtha a bhí ag teastáil ó na mianaigh ba mhó le haghaidh poipéad, cabhsaí, poill mhianaigh, trasnán, foirgneamh agus chun tine a cothú sna gaileadáin a thiomáin na caidéal, na comhbhrúiteoirí, an fearas tochraiste, na suaiteoirí agus na buailteoirí.

Ba iad na crainn a bhí le fáil sa Vombat crainn ghuma chlaonta, crainn ghuma mhiontais, crainn ghuma bhána, crainn ghuma ghioblacha, crainn ghuma sheascainn agus crainn ghuma bhreaca.⁴ Ba mhínic na crainn úd daichead méadar ar airde, agus toirt iontu dá réir.

Pobal beag i lár na coille ba ea na scoilteoirí agus na hoibrithe eile. Bhí tairbhe á bhaint as an Vombat ag lucht sábhadóireachta, ag lucht gearrtha adhmaid tine, ag lucht déanta fioghuaíl, agus ag na scoilteoirí a dhéanadh cuailí mianaigh, sonnach agus slinnte. Bhain na gearrthóirí agus na scoilteoirí feidhm as an tua, as an scian sonnaigh agus as an gcros-sábh. Ní raibh ag teastáil uathu ansin ach rud éigin a thabharfadh a gcuid earraí amach as an gcoill, agus bhainidís úsáid as a vaigíní féin nó as vaigíní na gconraitheoirí a bhíodh ag obair do cheannaithe nó do chomhlachtaí mianadóireachta. Breis gléasra a bhí ag teastáil ó na muilte sábhadóireachta.

D'úsáidití an tua agus an cros-sábh chun crainn a leagan do na muilte, agus ghearrfaí na cearchaillí ina dhá gcuid nó ina dtrí chuid lena láimhseáil go héasca. Dhéanfadh seisreach capall nó cuingir damh an t-adhmad a streachailt thar talamh nó é a tharraingt le jincear – fearas iompair dhá roth.⁵ Ní raibh fáil ar tharraingt mheicniúil ag an am, agus thógtaí na cearchaillí ó na hardáin ar dtús agus ó na loganna ina dhiaidh sin cheal a mhalairt d'adhmaid a bheith le fáil. B'fhéidir cearchaillí a thabhairt chun an mhuilinn ar thrambhealach adhmaid, i.e. ráillí adhmaid agus iad leagtha ar thrasnáin. Sa gheimreadh bheadh sé an-deacair cearchaillí a tharraingt thar an talamh báite, agus bhíodh an obair ina stad sa séasúr fliuch.

Chuaigh lucht leagarnaí agus sábhadóireachta soir ó thuaidh de réir mar a scríosadh na coillte láimh le Ballarat agus Creswick. Faoi na 1870í bhí na crainn ab fhearr leagtha timpeall Chnoc an Chléirigh. Faoi mbliain 1899 bhíodhas á rá go hoifigiúil nach raibh sa Vombat ach 'foraois mhíllte'. An bhliain sin d'admhaigh an rialtas gur fágadh drochbhail uafásach ar an bhforaois agus rinneadh iarracht éigin ar chrainn a chur ag athfhás ann.

Bhí Séamas agus a mhuirín ina gcónaí i limistéar Bungaree ón mbliain 1870 (nuair a rugadh Margaret, an iníon ba shine) go dtí an bhliain 1890. Ceantar Éireannach ba ea é; más fíor do stair oifigiúil an pharóiste, b'Éireannaigh iad 90% de na trí fheirmeoir is daichead a bhí le fáil timpeall Chnoc an Chléirigh (agus feirmeacha dhá heicteár is tríocha acu, d'fhormhór) sa bhliain 1891. B'annamh a gheofaí na hÉireannaigh cruinnithe chomh dlúth sin san Astráil ag an am. Deirtear go scaoileadh na seandaoine nathanna tarcaisneacha Gaeilge, leithéid 'Contae an Chláir na bláthaí géire,' chun a chéile le teann spóirt ag na rincí áitiúla, agus na páistí ina dteachtairí acu.

⁴ Tá moltaí faoi ainmniú chrainn na hAstráile le fáil ag www.iorrua.com, ach níl na crainn seo go léir le fáil ann. I mBéarla: *messmate* (ainm ginearálta atá roinnt crann ard ar nós *Eucalyptus obliqua*), *peppermint gum*, *white gum*, *stringybark* (leithéid *red stringybark* nó *E. macrorhyncha*), *swamp gum* agus *spotted gum*.

⁵ *Jinker* an Bhéarla.

Thagadh feirmeoirí, oibríthe foraoise agus sclábhaithe le chéile Lá Fhéile Stiofáin ag Bungaree. Sa bhliain 1885 bhí 4,000 duine ann, agus iad ag féachaint ar an iománaíocht, ar na rásaí agus ar an tarraingt téide.

Scaip cuid mhaith de na hoibríthe foraoise. Chuaigh cuid acu chun Gippsland agus ansin chun Bá Apaill, áit álainn i ndeisceart na coilíneachta; bhain cuid eile triail as mianaigh Kalgoorlie thiar agus as na coillte móra in iardheisceart na hAstráile Thiar. Shíl Séamas agus Margaret, ar nós na mílte eile, go bhféadfaidís beatha a bhaint amach dóibh féin mar fheirmeoirí, agus sa bhliain 1888 d'éirigh leo píosa talún a fháil ó Bhord Talún Drouin i nGippsland – céad is deich n-acra (ceithre heicteár is daichead) de choill agus de scrobarnach. B'éigean an áit a ghlanadh, agus bhí sí róbheag chun feirm fhónta a dhéanamh di – scéal a bhí coitianta go leor. Ach glanadh í agus díoladh fuílleach an mhorgáiste sa bhliain 1910; faoin mbliain 1913 bhí an fheirm díolta acu.

Dhá lá sular cailleadh é, chuir Séamas Hillis a lámh le huacht a bhfuil dhá fhocal shuntasacha inti. D'fhág sé a mhaoín ag Margaret, agus, dá gcaillfí í, ag a gclann agus ag a n-oidhrí siúd 'go deo' – focail a bhfuil brí gan teorainn leo. Deir siad go raibh súil aige go mbeadh toradh buan (toradh síoraí, fiú) ar an obair mhaslach go léir a bhain leis an inimirce – toradh nár tháinig tar éis an tsaoil.



Logainmneacha Astrálacha i nGaeilge

Dhá shaghas logainmneacha atá le fáil san Astráil – cinn Eorpacha agus cinn Bhundúchasacha, cé gur minic nár thug an litriú leis fuaimniú ceart na logainmneacha Bundúchasacha. Tugadh na logainmneacha Eorpacha isteach ó áiteanna eile (ainmníodh Melbourne as polaiteoir Sasanach) nó baineann siad le lonnaitheoirí agus le heachtraí de chuid na hAstráile (Mount Disappointment). Fagann sin ceist eile – conas na logainmneacha seo a Ghaelú, más gá. Tá cuid acu (Ballarat, mar shampla) ag cur go maith le fuaimniú na Gaeilge, agus is féidir iad a rangú dá réir i ndíchlaonadh áirithe. Uaireanta is féidir lomaistriú a dhéanamh: Clarks Hill – *Cnoc Uí Chléirigh*, Black Hill – *an Cnoc Dubh*. Tríd is tríd, áfach, is fearr logainmneacha Bundúchasacha a fhágáil mar atá siad, agus ba dheacair leagan Gaeilge a dhéanamh d'ainmneacha éigin – Melbourne, mar shampla. Tá taighde á dhéanamh i gcónaí i Victoria ar chúrsaí dinnseanchais, agus tiocfar ar bhreis eolais feasta ar logainmneacha na mBundúchasach.

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun rianach@bigpond.com nó chun ColinG.Ryan@ato.gov.au.

If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to rianach@bigpond.com or to ColinG.Ryan@ato.gov.au.